SCÉIM DHEONTAS ARDOIDEACHAIS, 2010

Ainm an Údaráis Áitiúil:_____

Clásal 1: Mínithe
Sa scéim seo:

1.1 ciallaíonn **"cúrsa ceadaithe"** -

(a) cúrsa fochéime **lánaimseartha** nach lú ná dhá bhliain a fhad nó cúrsa iarchéime **lánaimseartha** nach lú ná aon bhliain a fhad a dhéantar i gceann de na forais cheadaithe atá liostaithe in Aguisín I(A) agus I(B),

(b) cúrsa fochéime **lánaimseartha** nach lú ná dhá bhliain a fhad a dhéantar in ollscoil nó in instititiúid tríú leibhéal atá á cothabháil le deontais thimthriallacha, nó a fhaigheann cabhair nó cothabháil le deontais thimthriallacha, ó chistí poiblí i mBallstát eile den A.E., gan na cúrsaí seo a leanas a áireamh:

(i) Cúrsaí i gColáistí Breisoideachais agus Ardoideachais (seachas cúrsaí ag leibhéal Ard-Dioplóma Náisiúnta nó níos airde);
(ii) Cúrsaí a chuirtear ar fáil i gcoláiste, a thugtar i gcoláistí príobháideacha tráchtála tríú leibhéal sa Stát, agus a dtugann an coláiste bailíocht ina leith;
(iii) Cúrsaí i gcoláistí den chineál céanna le coláistí príobhaideacha tráchtála in Éirinn.

(c) cúrsa fochéime **lánaimseartha** ar bliain amháin ar a laghad a fhad i gceann de na hinstitiúidí ceadaithe atá liostaithe in Aguisín I (A) agus ar forchéimniú ó chúrsa Leibhéal 7 (Gnáthchéim Bhaitsiléara nó Dioplóma Náisiúnta) go dtí cúrsa **"**cur leis**"** Leibhéal 8 (Céim Onórach Bhaitsiléara) é.

ciallaíonn **"iarrthóir"** duine a bhfuil deontas á lorg ina leith;

ciallaíonn **"iarrthóir seachas iarrthóir aibí"** gach iarrthóir, seachas iarrthóir aibí, atá cáilithe lena bhreithniú nó lena breithniú faoin scéim seo;

ciallaíonn **"iarrthóir aibí"** iarrthóir atá 23 bliana d'aois ar a laghad ar an 1 Eanáir den bhliain iontrála nó athiontrála i gcás an chúrsa cheadaithe;

ciallaíonn **"iarrthóir aibí i gcleithiúnas ar thuismitheoirí"** iarrthóir aibí a raibh gnáthchónaí air/uirthi lena t(h)uismitheoirí ón 1 Deireadh Fómhair; 2009;

ciallaíonn **"iarrthóir aibí neamhspleách"** iarrthóir aibí nach raibh gnáthchónaí air/uirthi lena t(h)uismitheoirí ón 1 Deireadh Fómhair, 2009;

ciallaíonn **"leanaí cleithiúnacha"** leanaí, lena n-áirítear leanaí altramais, de chuid tuismitheoirí nó caomhnóirí iarrthóra nó leanaí de chuid iarrthóra aibí neamhspleách, de réir mar a bheidh i gcás áirithe, ar leanaí iad atá, ar an 1 Deireadh Fómhair 2009,

(i) faoi bhun 16 bliana d'aois, nó

(ii) atá 16 bliana d'aois nó os a chionn, agus

(a) atá ag freastal ar chúrsa staidéir lánaimseartha in institiúid oideachais agus atá i gcleithiúnas ar a dtuismitheoirí, nó

(b) a bhfuil deimhniú liachta ann ina leith á rá go bhfuil siad neamhinniúil go buan ar obair a dhéanamh;

ciallaíonn **"táille léachtanna"** an méid a dtugann institiúid sonrasc ina leith suas go cibé teorainn a cheadaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna;

ciallaíonn **"Údarás Áitiúil"** an Chomhairle Contae nó an Chomhairle Cathrach a ainmnítear i bhfotheideal na scéime seo;

ciallaíonn **"gnáthchónaí"** seoladh buan nó gnáthsheoladh thuismitheoirí nó chaomhnóirí an iarrthóra. I gcás iarrthóra aibí neamhspleách, ciallaíonn a ghnáthchónaí/gnáthchónaí gnáthsheoladh nó seoladh buan an iarrthóra aibí neamhspleách ón 1 Deireadh Fómhair, 2009.

ciallaíonn **"ioncam ináirithe"**-

(a) gach suim* a fhaigheann duine, nó atá infhaighte ag duine, gan tagairt dá c(h)ónaí nó dá s(h)ainchónaí, ó fhoinsí Éireannacha agus ó fhoinsí coigríche araon, agus ar méideanna iad atá inchurtha faoi Cháin Ioncaim Éireannach, Cháin Ghnóchan Caipitiúil Éireannach nó Cháin Fháltas Caipitiúil Éireannach, nó a bheadh inchurtha amhlaidh murach díolúintí agus faoisimh atá i reachtaíocht na hÉireann, agus

(b) suimeanna comhfhreagracha a fhaigheann daoine, nó atá infhaighte ag daoine, a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile den A.E., ar méideanna iad atá inchurtha faoi Cháin Ioncaim, Cháin Ghnóchan Caipitiúil, Chánacha Oidhreachta nó Bronntanais an Stáit sin, nó a bheadh inchurtha amhlaidh murach díolúintí agus faoisimh atá i reachtaíocht an Stáit sin.

* Is ceart na hÍocaíochtaí Leasa Shóisialaigh agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte seo a leanas a eisiamh le linn ioncam ináirithe a ríomh:

- Sochar Linbh;
- Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh;
- Liúntas Míchumais (má íoctar leis an iarrthóir é);
- Pinsean Dall (má íoctar leis an iarrthóir é);
- Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora (a chuirtear faoi Thástáil Acmhainne);
- Pinsin Caomhnóra (Pinsean Dílleachta mar a bhí);
- Liúntas Cúraim Altrama;
- Liúntas Cúraim Baile agus
- Liúntas Cúramóra.

[**Nóta:** Tá na ríomhaireachtaí sonracha do mhéid an ioncaim ináirithe faoi na ceannteidil éagsúla le fáil san fhoirm iarratais agus sna nótaí a ghabhann léi.]

ciallaíonn **"athiontráil"** iontráil mar iarrthóir aibí tar éis sosa ar thrí bliana ar a laghad, agus tar éis a bheith ina (h)iarrthóir roimhe sin spleách ar thuismitheoirí nó caomhnóir dlí, agus tar éis freastal, roimhe sin, ar chúrsa atá ceadaithe chun críocha na Scéime Deontas Ard-Oideachais nó Scéim Scoláireachtaí na gCoistí Gairmoideachais;

ciallaíonn **"céile"** gach duine de lánúin phósta atá ag maireachtáil le chéile nó fear agus bean nach bhfuil pósta lena chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar fhear céile agus bean chéile.

Ciallaíonn **"muirear sheirbhísí mac léinn"** an muirear is iníoctha ag mic léinn a bhíonn ag freastal ar ollscoil nó institiúid tríú leibhéal ceadaithe in Éirinn agus ar muirear é a chlúdaíonn táillí scrúdaithe, clárúchán agus seirbhísí mac léinn.

ciallaíonn **"turas allamuigh"** turas atá riachtanach agus ina chuid dhílis de chúrsa ceadaithe, atá ann do chúiseanna aimsiú fíricí nó taighde, agus nach féidir leis an mac léinn céim a bhaint amach nó dul ar aghaidh chuig an chéad bhliain eile den chúrsa dá éagmais.

CLÁSAL 2: DÁMHADH DEONTAS

2.1 Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil deontais ardoideachais a dhámhadh d'iarrthóirí cáilithe de réir fhorálacha na nAchtanna um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1968 go 1992, agus théarmaí na Scéime seo. I gcás ina gcomhlíonann iarrthóirí téarmaí agus coinníollacha uile na scéime iomchuí, measfar go bhfuil forálacha Alt 6 den Acht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1968, comhlíonta agus féadfar deontais a íoc le hiarrthóirí gan aon teagmháil eile a dhéanamh leis an Aire.

2.2 Ní bheidh iarrthóir cáilithe chun scoláireacht a shealbhú faoin Scéim seo más rud é go sealbhaíonn sé/sí:

(i) scoláireacht/deontas arna d(h)eonú ag Údarás Áitiúil nó ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, nó

(ii) aon dámhachtain eile is iníoctha as airgead poiblí, nó

(iii) coibhéis (i) nó (ii) ó Bhallstát eile den Aontas Eorpach.

Ní áirítear sna forálacha ag (ii) nó (iii):
(a) dámhachtainí ar nós scoláireachtaí, duaiseanna nó sparántachtaí arna mbronnadh ag an institiúid a bhfuiltear ag freastal uirthi nó
(b) deontais taighde iarchéime i gcás nach mó ná méid sonraithe an deontas a fhaightear agus, don bhliain acadúil 2010/11, sonraítear gur €16,000 an méid sin nó
(c) dámhachtainí do mhic léinn faoin gCiste Cabhrach do Mhic Léinn nó faoin gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas.

Ní bheith iarrthóirí atá ag fáil dámhachtana ar bith ina bhfuil soláthar do tháillí incháilithe ar íocaíocht tháillí faoin scéim seo.

2.3 D'ainneoin clásal 2.2 thuas féadann sealbhóirí na scoláireachtaí seo a leanas, má tá siad intofa, deontas cothabhála a shealbhú chomh maith:-

- Scoláireacht Sheachtain na Cásca
- Scoláireacht Dhonnchadh Uí Mháille
- Scoláireacht na hÉireann Uile
- Scoláireacht Fhundúireacht Eolaíochta Éireann/Dell do Mhná Óga in Innealtóireacht

2.4 Ní bheidh iarrthóir i dteideal deontas a fháil faoin scéim seo má tá an Liúntas Filleadh ar an Oideachas aige/aici. Leanfaidh an Státchiste den chostas seirbhísí mac léinn agus aon táillí atá iníoctha le hinstitiúidí ardoideachais a ghlanadh, do mhic léinn incháilithe, ar a son. Ní mór do mhic léinn iarratas a dhéanamh lena n-údarás measúnaithe chun a gcuid incháilitheachta a mheas.

CLÁSAL 3: DAOINE LENA mBAINEANN AN SCÉIM SEO

Baineann an Scéim seo leis na daoine seo a leanas:

3.1. iarrthóirí atá ag tosú cúrsa ceadaithe den chéad uair sa bhliain acadúil 2010/11;

3.2. iarrthóirí aibí atá, sa bhliain acadúil 2010/11:

(a) ag athiontráil chun cúrsa ceadaithe a chríochnú den chéad uair ag leibhéal fochéime, nó

(b) ag athiontráil chun cúrsa ceadaithe a dhéanamh nó a chríochnú den chéad uair ag leibhéal iarchéime, nó

(c) le tagairt do Chlásáil 7.7, iarrthóirí aibí a bhfuil cáilíocht iarchéime cheana acu agus atá ag athiontráil le dul chun cinn chuig cúrsa breise iarchéime ag leibhéal níos airde agus a léiríonn dul chun cinn.

3.3. Iarrthóirí a d'fhreastail ar institiúid ach nár éirigh leo cúrsa ceadaithe a chríochnú agus atá ag atosú tar éis sosa ina gcuid staidéar nach giorra ná cúig bliana chun cúrsa ceadaithe a dhéanamh ag an leibhéal céanna sa bhliain acadúil 2010/11 (i.e. Mic Léinn Dara Seans);

3.4. Faoi réir chlásal 7.6, iarrthóirí a thosaigh cúrsa ceadaithe in Éirinn roimh an mbliain acadúil 1996/97 agus atá ag iontráil cúrsa ceadaithe anois den chéad uair sa bhliain acadúil 2010/11 lasmuigh d'Éirinn.

CLÁSAL 4: CÁILITHEACHT IARRTHÓIRÍ

Chun a bheith cáilithe i gcóir scoláireachta faoin Scéim seo comhlíonfaidh iarrthóir na coinníollacha seo a leanas maidir le cónaí, aois, cáilíocht acadúil, acmhainní agus náisiúntacht. Leanfaidh stádas iarrthóra maidir leis na coinníollacha seo, mar a chinntear iad ag an bpointe iontrála chuig cúrsa ceadaithe, i bhfeidhm ar feadh tréimhse a gcuid staidéar, ach amháin maidir le forálacha cónaitheachta Chlásail 4.1 agus an fhoráil maidir le hathrú i gcúinsí de chuid Chlásail 8.1. Beidh acmhainní iarrthóra faoi réir athbhreithnithe ar bhonn bliantúil.

4.1. <u>Cónaí</u>

4.1.1 Ní mór gnáthchónaí a bheith ag an iarrthóir sa Stát ar feadh trí bliana ar a laghad de na cúig bliana is déanaí go díreach roimh an dáta ar a dtosaíonn bliain staidéir ar chúrsa ceadaithe in institiúid cheadaithe. Mura bhfuil cónaí mar sin ann, ní mór cónaí sealadach a bheith ag an iarrthóir lasmuigh den Stát d'fhonn cúrsa staidéir nó taighde iarchéime a leanúint in institiúid cheadaithe lasmuigh den Stát ach laistigh de Bhallstát AE, agus cónaí a bheith air/uirthi sa Stát ar feadh 3 bliana ar a laghad de na 5 bliana is déanaí go díreach roimh an dáta ar a thosaigh siad an cúrsa staidéir nó taighde iarchéime sin.

4.1.2 Tá iarrthóirí atá ina náisiúnaigh den AE, den LEE nó den Eilbhéis agus nach gcomhlíonann an ceanglas maidir le cónaí i dteideal iarratas a dhéanamh ar dheontas tástáilte ó thaobh acmhainne i gcomhair táillí amháin i leith cúrsaí ceadaithe sa Stát ar choinníoll go bhfuil cónaí orthu de ghnáth, chun críche seachas go hiomlán nó go formhór chun oideachas lánaimseartha a fháil, i mBallstát AE, sa LEE nó san Eilbhéis ar feadh 3 bliana ar a laghad de na 5 bliana is déanaí go díreach roimh an dáta ar a dtosaíonn bliain staidéir ar chúrsa ceadaithe in institiúid cheadaithe. Ba chóir d'iarrthóirí den sórt sin iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Gairmoideachais sa limistéar riaracháin ina bhfuil an coláiste a mbeartaíonn siad freastal air.

4.1.3 Ní bheidh iarrthóir cáilithe chun iarratas a dhéanamh nó scoláireacht/deontas a fháil i limistéar riaracháin de chuid níos mó ná Coiste Gairmoideachais/limistéar Údaráis Aitiúil amháin.

4.2. <u>Aois</u>

Beidh iarrthóir 17 mbliana d'aois ar a laghad ar an 1 Eanáir, 2011.

4.3. <u>Cáilíochtaí Acadúla</u>

4.3.1 Aon iarrthóir, tar éis scrúdú na hArdteistiméireachta a dhéanamh, a gheobhaidh áit ar chúrsa ceadaithe measfar an coinníoll maidir le cáilíocht i scrúdú na hArdteistiméireachta a bheith comhlíonta aige/aici chun críocha na Scéime seo.

4.3.2 Aon iarrthóirí, tar éis cibé scrúduithe deiridh scoile a sheoltar agus a dhéantar de ghnáth i mBallstát eile den Aontas Eorpach a dhéanamh, a gheobhaidh áit ar chúrsa ceadaithe measfar an coinníoll maidir le cáilíocht sa scrúdú deiridh scoile a bheith comhlíonta acu chun críocha na Scéime seo.

4.3.3 Iarrthóir aibí a gheobhaidh áit ar chúrsa ceadaithe measfar an coinníoll maidir le cáilíocht sa scrúdú deiridh scoile a bheith comhlíonta aige/aici chun críocha na Scéime seo.

4.4. Acmhainní

4.4.1 Le gur féidir deontas a dhámhadh i leith na bliana acadúla 2010/11, ní mór ioncamináirithe iarrthóra a bheith i gcomhréir leis na teorainneacha ioncaim atá leagtha amach in Aguisín II(A). Cinnfidh an tÚdarás Áitiúil an t-ioncamináirithe ar bhonn an eolais a sholáthraítear san Fhoirm Iarratais, faoi réir riachtanais an leabhrán Nótaí faoi iamh. Is cuid den Scéim seo iad an Fhoirm Iarratais agus na Nótaí 2010/11.

4.4.2 Le gur féidir ráta speisialta den deontas cothabhála a dhámhadh maidir leis an mbliain acadúil 2010/11, ní mór ioncam náirithe iarrthóra a bheith i gcomhréir leis na teorainneacha ioncaim atá leagtha amach in Aguisín III. Cinnfidh an tÚdarás Áitiúil an t-ioncam náirithe ar bhonn an eolais a sholáthraítear san Fhoirm Iarratais.

4.4.3 I gcás iarrthóra seachas iarrthóir aibí neamhspleách, is é a bheidh in ioncam náirithe an iarrthóra ná ioncam an iarrthóra agus ioncam thuismitheoirí nó chaomhnóirí an iarrthóra, ach amháin i gcás ina bhfuil tuismitheoirí an iarrthóra colscartha nó idirscartha go dleathach nó i gcás ina suífear chun sástacht an Údaráis Áitiúil go bhfuil siad idirscartha, agus sa chás sin is é a bheidh in ioncam náirithe an iarrthóra ná ioncam an iarrthóra agus ioncam an tuismitheora lena gcónaíonn an t-iarrthóir. [Nóta: Féach Roinn D sna Nótaí a ghabhann leis seo chun na critéir a fheiceáil a chuireann an tÚdarás Áitiúil i bhfeidhm le linn idirscaradh a shuíomh.]

4.4.4 I gcás iarrthóra aibí neamhspleách, is é a bheidh in ioncam náirithe an iarrthóra ná ioncam an iarrthóra agus ioncam a c(h)éile, más infheidhme.

4.4.5 Is é an t-ioncam don tréimhse 1 Eanáir, 2009 go dtí 31 Nollaig 2009 (bliain chánach, 2009) a bheidh mar ioncam náirithe iarrthóra.

4.4.6 Le gur féidir ráta speisialta den deontas cothabhála a dhámhadh ní mór ceann de na híocaíochtaí atá liostaithe in Aguisín III a bheith san áireamh in ioncam náirithe iarrthóra, amhail an 31 Nollaig 2009.

4.5. Náisiúntacht

4.5.1 Ní mór d'iarrthóir –

(i) a bheith ina náisiúnach de Bhallstát AE, nó
(ii) a bheith ina náisiúnach de stát atá ina stát conartha don Chomhaontú LEE nó
(iii) a bheith ina náisiúnach de Chónaidhm na hEilbhéise nó

- a bheith ina dhídeanaí nó ina dídeanaí nó duine eile atá i dteideal de thuras na huaire ar na cearta agus na pribhléidí a shannaítear in alt 3 d'Acht na dTeifeach 1996; nó

- a bheith ina dhuine nó ina duine, faoi réir na Rialachán um Chomhphobail Eorpacha (Incháilitheacht ar Chosaint) 2006 (I.R. Uimh. 518 de 2006) –

    (i) a bhfuil cinneadh déanta ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go bhfuil sé nó sí incháilithe ar fhochosaint de thuras na huaire faoi réir Ailt 4 de na Rialacháin sin, nó

    (ii) a bhfuil cead tugtha de thuras na huaire i scríbhinn ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí dul isteach sa Stát agus fanacht ann faoi réir Ailt 16 de na Rialacháin sin; nó

- cead a bheith acu fanacht sa Stát mar bhall teaghlaigh shaoránach AE faoi fhorálacha Rialachán na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine) 2006 agus 2008 agus Treoir 2004/38/EC Phárlaimint na hEorpa agus na Comhairle; nó

- cead a bheith acu fanacht sa Stát de bhua pósta le náisiúnach de chuid na hÉireann atá ina chónaí nó ina cónaí sa Stát, nó a bheith ina leanbh cleithiúnach le duine den sórt sin, nach bhfuil ina náisiúnach AE; nó

- Cead Daonchairdis a bheith acu chun Fanacht sa Stát (roimh an Acht Inimirce 1999); nó

- cead a bheith acu ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí fanacht i ndiaidh cinneadh a bheith déanta gan ordú díbeartha a dhéanamh faoi Alt 3 den Acht Inimirce 1999.

CLÁSAL 5: LUACH DEONTAS

5.1.1. Beidh luach deontas de réir na rátaí bliantúla a shonróidh an tAire Oideachais & Eolaíochta. Tá na rátaí atá sonraithe amhlaidh don bhliain airgeadais 2010 leagtha amach in Aguisín II(B).

5.1.2 Beidh luach an ráta speisialta den deontas cothabhála de réir na rátaí bliantúla shonróidh an tAire Oideachais agus Scileanna. Tá na rátaí atá sonraithe amhlaidh don bhliain airgeadais 2010 leagtha amach in Aguisín IV.

5.1.3 Ba chóir go n-íocfaí Mic Léinn atá ag déanamh cúrsaí ceadaithe i mBallstáit eile an AE (lena n-áirítear Tuaisceart Éireann) le luach an deontais in airgeadra na tíre ina bhfuil siad ag staidéar mura léiríonn siad gur mian leo go n-íocfaí a ndeontas i Euro. I gcás airgeadra neamheuro, is é an ráta comhshó an ráta a bheidh i réim ar dháta an chomhshó.

5.2. Deontais Chothabhála

5.2.1 Beidh deontais chothabhála iomlána agus pháirteacha iníoctha de réir rátaí tadhlacha nó neamhthadhlacha. Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil an ráta is infheidhme i ngach cás ar leith a chinneadh de réir mhíreanna 5.2.3 go 5.2.6 anseo thíos.

5.2.2 Beidh deontais chothabhála iomlána agus pháirteacha iníoctha de réir rátaí tadhlacha nó neamhthadhlacha. Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil an ráta is infheidhme i ngach cás ar leith a chinneadh de réir mhíreanna 5.2.3 go 5.2.6 anseo thíos.

5.2.3 Seachas i gcás mac léinn aibí, beidh an ráta tadhlach deontais cothabhála iníoctha i gcás sealbhóra deontais a bhfuil a g(h)náthchónaí 24 ciliméadar nó níos lú ón gcoláiste a bhfuil sé/sí ag freastal air.

5.2.4 Beidh an ráta neamhthadhlach deontais cothabhála iníoctha i ngach cás eile, lena n-áirítear i gcás gach mac léinn aibí a cháilíonn, arna measúnú mar chleithiúnach nó mar iarrthóir aibí neamhspleách.

5.2.5 I gcás deontas cothabhála a bheith iníoctha de réir Chlásal 7.3 (i leith staidéir éigeantaigh thar lear) beidh an ráta neamhthadhlach deontais cothabhála iníoctha fad a bheidh an sealbhóir deontais ag staidéar thar lear.

5.2.6 Is féidir go n-íocfar a dteidlíocht deontais ar an ngnáthmhodh do shealbhóirí deontais a chaitheann a bheith rannpháirteach i socrúchán eis-champais mar chuid lánpháirteach dá gcúrsa. Nuair a éilíonn an Coláiste ar shealbhóir deontais a fhaigheann ráta tadhlach deontais athlonnú óna chónaí le tabhairt faoi shocrúchán nach lú ná téarma/seimistéar acadúil amháin, is féidir an ráta neamh-thadhlach deontais a íoc do thréimhse socrúcháin den sórt sin.

5.3 Deontais do Tháillí Léachtanna

5.3.1 I gcás nach bhfuil iarrthóir cáilithe chun teagasc saor in aisce a fháil faoin tionscnamh maidir le táillí saora agus go bhfuil sé/sí ag déanamh cúrsa ceadaithe in institiúid atá liostaithe in Aguisín I (A), féadfaidh an tÚdarás Áitiúil deontas iomlán nó páirteach a dhámhadh i leith táille léachtanna an iarrthóra, mar a mhínítear i gClásal 1, ach sin faoi réir théarmaí na Scéime seo.

5.3.2 Nuair a bhíonn iarrthóir ag déanamh cúrsa ceadaithe ag leibhéal iarchéime in institiúid atá liostaithe in Aguisín I (A) nó I(B), is féidir leis an tÚdarás Áitiúil deontas iomlán, nó i bpáirt, a dhámhadh i leith táille léachtanna an iarrthóra, mar a mhínítear i gClásáil 1, ach sin faoi réir théarmaí na Scéime seo.

5.3.3 Nuair a bhíonn iarrthóir ag déanamh cúrsa ceadaithe i mBallstát eile an AE ní bheidh aon táillí teagaisc iníoctha ach amháin i gcás iarrthóirí a bhíonn ag freastal ar chúrsaí iarchéime in institiúid atá liostaithe in Aguisín I (B).

5.4 Deontas i leith Muirir ar Sheirbhísí Mic Léinn

5.4.1 I gcás iarrthóir a bheith cáilithe chun deontas cothabhála a fháil agus go bhfuil sé/sí ag déanamh cúrsa ceadaithe lena mbaineann an Tionscnamh maidir le Táillí Saora nó a bheadh cáilithe chun deontas a fháil do tháillí léachtanna murach an tionscnamh maidir le táillí saora, déanfaidh an tÚdarás Áitiúil, sa chás gur infheidhme sin, deontas

de suas go **€1,500** a dhámhadh don iarrthóir i leith an mhuirir ar sheirbhísí mic léinn. Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil an deontas a íoc go díreach leis an gcoláiste/institiúid.

I gcás go gcáilíonn iarrthóir do dheontas cothabhála agus go bhfuil sé/sí ag déanamh cúrsa ceadaithe ag leibhéal iarchéime, déanfaidh an tÚdarás Áitiúil deontas de suas go **€1,500** a dhámhadh i leith an mhuirir ar sheirbhísí mic léinn, más rud é nach sáraíonn an muirear agus an táille teagaisc an uasteorainn táillí. Íocfaidh an tÚdarás Áitiúil an deontas seo go díreach leis an gcoláiste/institiúid.

5.5 <u>Turais Allamuigh</u>

5.5.1 Is féidir turais éigeantacha allamuigh a mhaoiniú do shealbhóirí deontas inteidil más rud é nach sáraíonn an táille teagaisc, an muirear ar sheirbhísí mac léinn agus costas an turais allamuigh an uasteorainn táillí.

CLÁSAL 6: GLACADH LE DEONTAIS

6.1. I gcás ina dtairgfidh Údarás Áitiúil deontas d'iarrthóir faoin Scéim seo déanfaidh an t-iarrthóir, laistigh de cibé tréimhse tar éis an tairiscint a fháil a shonróidh an tÚdarás Áitiuil, daingniú a thabhairt don Údarás Áitiúil maidir le teideal an chúrsa a bheartaíonn sé/sí a dhéanamh.

6.2. I gcás ina dtairgfear deontas d'iarrthóir faoin Scéim seo ach nach ndéanfaidh sé/sí cúrsa ceadaithe sa bhliain acadúil 2010/11 measfar tairiscint an deontais a bheith ar ceal.

CLÁSAL 7: SEALBHÚ DEONTAS

7.1. Déanfar deontas a dhámhtar faoin Scéim seo a dhámhadh ar bhonn sealadach don bhliain acadúil 2010/11 agus ní leanfar de in aon bhliain acadúil ina dhiaidh sin mura bhfuil an tÚdarás Áitiúil sásta go bhfuil forálacha na Scéime seo á gcomhlíonadh go hiomlán i gcónaí

7.2. Féadtar deontas a shealbhú ar feadh ghnáthré an chúrsa cheadaithe agus féadtar é a athnuachan go bliantúil ach sin faoi réir torthaí sásúla a bhaint amach agus ceadú an Údaráis Áitiúil, faoi réir théarmaí Chlásal 7.6. Ní féidir deontais a íoc i leith athbhliana staidéir ar an gcúrsa céanna. Beidh sé de rogha ag Údarás Áitiúil an fhoráil seo a tharscaoileadh i gcúinsí eisceachtúla, ar nós cásanna de bhreoiteacht throm deimhnithe.

7.3. I gcás ina mbíonn ar shealbhóirí deontas, mar chuid dá gcúrsa ceadaithe, freastal ar chúrsaí ollscoile coigríche ar feadh tréimhse suas go bliain amháin, féadtar leanúint de dheontas cothábhala a íoc i gcás nach ndéanann an tréimhse thar lear difear do ghnáthré an chúrsa cheadaithe.

7.4. Ní fhéadtar deontais a dhámhtar faoin Scéim seo a shealbhú ach i leith freastal ar chúrsaí ceadaithe.

7.5. Ní fhéadtar deontas faoin Scéim seo a shealbhú i leith cúrsa, nó i leith cuid de chúrsa, lena mbaineann Scéim Dheontas Cothabhála Ardleibhéil d'Oiliúnaithe 2010.

7.6 Taobh amuigh de na forálacha speisialta do mhic léinn dara seans i gClásal 3.3, ní gheobhaidh iarrthóirí a rinne cúrsa ceadaithe fochéime roimhe sin chun críocha na Scéime Deontas Ardoideachais, Scéim Scoláireachtaí na gCoistí Gairmoideachais nó Scéim Dheontas Cothabhála Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe (Scéim ESF roimhe seo) deontas faoin scéim nó go mbíonn tréimhse comhionann staidéir curtha isteach acu ag leibhéal fochéime, is cuma ar íocadh nó nár íocadh deontas roimhe sin. Beidh rogha ag Coiste Gairmoideachais an fhoráil seo a tharscaoileadh in imthosca eisceachtúla ar nós breoiteachta tromaí deimhnithe. Ní íocfar deontais chuig iarrthóirí a bhfuil cáilíocht iarchéime acu cheana féin acu agus atá ag gabháil do cháilíocht iarchéime, is cuma ar íocadh deontas roime nó nár íocadh. Ina theannta sin, ní íocfar deontais le hiarrthóirí a bhfuil cáilíocht Leibhéal 8 acu cheana féin (Céim Onórach Bhaitsiléara nó cáilíocht chomhionann) agus atá ag gabháil don dara cáilíocht den sórt sin. D'ainneoin an choinníll seo, áfach, féadfar na hiarrthóirí seo a leanas a mheas do chabhair deontais:

(i) Iarrthóirí a bhfuil cáilíocht Leibhéal 6 (Ard-Teastas nó Teastas Náisiúnta) nó cáilíocht Leibhéal 7 (Gnáthchéim Bhaitsiléara nó Dioplóma Náisiúnta) nó Ard-Dioplóma Náisiúnta BTEC acu cheana agus atá ag dul ar aghaidh chuig cúrsa Leibhéal 8 (Céim Onórach Bhaitsiléara), agus nach gá go mbeadh díolúine faighte acu ó ghnáth-thréimhse an chúrsa;

(ii) Iarrthóirí a chríochnaigh go sásúil dhá bhliain de chúrsa Leibhéal 7 (Gnáthchéim Bhaitsiléara nó Dioplóma Náisiúnta), agus a ligeadh isteach trí dhíolúine, chuig bliain a dó de chúrsa ag Leibhéal 8 (Céim Onórach Bhaitsiléara).

7.7. I gcás iarrthóirí a bhfuil cúrsa fochéime déanta acu ar cúrsa é atá ceadaithe chun críocha na Scéime Deontas Ardoideachais nó Scéim Scoláireachtaí na gCoistí Gairmoideachais ní bhfaighidh siad deontas faoin Scéim seo go dtí go mbeidh tréimhse chomhionann staidéir críochnaithe acu ag leibhéal fochéime ar neamhchead an íocadh deontas roimhe sin nó nár íocadh. Beidh sé de rogha ag Údarás Áitiúil an fhoráil seo a tharscaoileadh i gcúinsí eisceachtúla, ar nós breoiteachta tromaí deimhnithe. Ní íocfar Deontais le hiarrthóirí a bhfuil cáilíocht iarchéime cheana acu agus atá ag déanamh an dara cáilíocht iarchéime. D'ainneoin an choinníll seo, áfach, is féidir iarrthóirí:-

(i) a chríochnaíonn cúrsa aon bhliana iar-chéime nár threoraigh chuig bronnadh cáilíochta, a ligtear isteach chuig an dara bliain de chúrsa iarchéime;
NÓ
(ii) a bhfuil cáilíocht iarchéime cheana acu agus atá ag dul ar aghaidh chuig cúrsa breise iarchéime ag leibhéal níos airde agus a léiríonn dul chun cinn ón leibhéal ar baineadh amach an cháilíocht/na cáilíochtaí iarchéime roimhe sin a mheas a bheith i dteideal chabhair deontais.

Chun críche an chlásail seo, meastar cúrsaí iarchéime ag Leibhéal 8 a bheith ina bhforchéimniú.

Beidh cabhair deontais do mhic léinn iarchéime teorannaithe chuig ceithre bliana ar a mhéid.

7.8. Más mian le sealbhóir deontais cúrsa nó dámh a athrú nó a d(h)eontas a chur siar le linn a c(h)úrsa staidéar, ní mór dó/di ceadú a fháil roimh ré ón Údarás Áitiúil.

CLÁSAL 8: ATHRÚ AR CHÚINSÍ

8.1. Más rud é go dtagann athrú ar chúinsí maidir leis na nithe seo a leanas féadfaidh an tÚdarás Áitiúil measúnú nó athmheasúnú a dhéanamh ar cháilitheacht duine lena mbaineann an Scéim seo i dtaca le dámhadh an deontais nó i dtaca le leibhéal an deontais a dámhadh:

(a) ioncam ináirithe an iarrthóra, de réir bhrí Chlásal 4, ar dóigh dó a bheith buan (i.e. is dócha a fháil do thréimhse an chúrsa cheadaithe nó do na blianta beaga amach anseo),

(b) an líon leanaí cleithiúnacha;

(c) an líon leanaí

(i) atá ag fáil oideachas tríú leibhéal lánaimseartha;
(ii) atá ag freastal ar chúrsa aitheanta PLC, ar chúrsa oiliúna altraí nó ar chúrsa oiliúna Gardaí;
(iii) atá páirteach i gcúrsa Fáilte Ireland (ar a dtugtaí CERT tráth) ar bliain amháin ar a laghad a fhad;
(iv) atá ag freastal ar chúrsa lánaimseartha de chuid Teagasc i gColáiste Talmhaíochta;
(v) atá ag freastal ar chúrsa oideachais bhreise lánaimseartha, ar bliain amháin ar a laghad a fhad, i dTuaisceart Éireann;

(d) gnáthchónaí.

(e) Náisiúntacht, nuair a déantar Náisiúnach de chuid na hÉireann nó náisiúnach de Bhallstát eile de chuid an AE den iarrthóir.

8.2. Is iad na teorainneacha ioncaim is infheidhme faoin Scéim seo i gcásanna faoi Chlásal 8.1(a) nó (b) nó (c) thuas ná na teorainneacha don scéim don bhliain ina dtarlaíonn an t-athrú ar chúinsí.

8.3. Nuair a tharlaíonn athrú dochrach in ioncam ináirithe déanfar dámhachtainí nó coigeartuithe i gcásanna a mheasúnaítear faoin gClásal seo le héifeacht ón téarma coláiste ina dtarlaíonn an t-athrú ar chúinsí.

8.4 Nuair a tharlaíonn athrú deimhneach san ioncamináirithe i rith na bliana acadúla, leanfar d'íoc aon deontas bronnta go dtí deireadh na bliana acadúla sin. Déanfar sealbhóirí deontais den sórt sin, áfach, a athmheas sula ndéanfar an deontas a athnuachan don bhliain acadúil dar gcionn.

8.5 Is é méid na dtáillí léachtanna, an mhuirir sheirbhísí mac léinn agus réimsí cothabhála an deontais a íocfar maidir le téarma coláiste ná aon-tríú den ráta bliaintúil.

CLÁSAL 9: CÚRSAÍ IARCHÉIME

9.1 Aon sealbhóir deontais a raibh deontas ardoideachais á fháil aige/aici chun cúrsa fochéime a dhéanamh féadfar leanúint den deontas a íoc d'fhonn cúrsa ceadaithe ag leibhéal iarchéime a dhéanamh ach sin faoi réir théarmaí agus choinníollacha na scéime seo.

CLÁSAL 10: DEONTAS A ÍOC

10.1. Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil an deontas do tháillí léachtanna is iníoctha le sealbhóir deontais de réir Chlásal 5 (3.1) a íoc, faoi réir na táille léachtanna uasta arna ceadú ag an Aire Oideachais agus Scileanna, leis an gcoláiste lena mbaineann ar shonrasc a fháil ón gcoláiste don táille léachtanna i leith an tsealbhóra deontais. Beidh an fhoráil seo faoi réir aisíoc iomlán na táille léachtanna más rud é nach gcláraíonn an sealbhóir deontais nó nach rachaidh sé/sí i mbun na háite ar chúrsa, nó má fhaigheann sé/sí cúnamh i dtreo na táille léachtanna ó aon fhoinse eile.

10.2 Faoi réir na teorann uasta do tháillí arna cheadú ag an Aire Oideachais agus Scileanna, ní bheidh aon táille léachtanna níos mó ná ráta táille an Aontais Eorpaigh is iníoctha i leith aon chúrsa cheadaithe.

Is í €6,270 an teorainn uasta do tháillí don bhliain 2010/11 agus bainfidh sé leo seo a leanas:

(i) Gach cúrsa fochéime nach mbíonn ceadaithe faoi théarmaí an tionscnaimh maidir le Táillí Saora
(ii) Gach cúrsa Iarchéime

Maidir leis an gCúrsa Cleachtais Ghairmiúil I agus leis an gCúrsa Cleachtais Ghairmiúil II (ar a dtugtaí an Cúrsa Gairmiúil agus an tArdchúrsa roimhe seo) ag Cumann Dlí na hÉireann bainfidh na socruithe seo a leanas:

Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil I:

(i) Beidh an táille teagaisc iníoctha faoi réir 2/3 den teorainn uasta táille a bhaineann ar thosú an Chúrsa Cleachtais Ghairmiúil 1.
(ii) Beidh dhá thráthcuid den deontas cothabhála iníoctha ag an ráta reatha.

Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil II:

(i) Beidh an táille teagaisc iníoctha 1/3 den teorainn uasta táille a bhaineann ar thosú an Chúrsa Cleachtais Ghairmiúil II.

(ii) Beidh tráthchuid amháin den deontas cothabhála iníoctha ag an ráta reatha.

10.3. Déanfaidh an Údarás Áitiúil deontas cothabhála an tsealbhóra scoláireachta (más ann) a íoc ina thrí thráthchuid chomhionanna a luaithe is féidir i ngach téarma agus seolfar na horduithe iníoctha ar leithligh chuig an sealbhóir scoláireachta f/ch Oifig an Sparánaí sa Choláiste.

Féadfaidh údaráis áitiúla atá ag glacadh páirt i gCéim a Dó den imirce trialach ar íocaíochtaí deontais cothabhála mic léinn chuig Aistriú Ciste Leictreonach (EFT) i 2010/11 grúpa de mhic léinn a roghnú agus deontas cothabhála an tsealbhóra scoláireachta (más ann) a íoc ina thrí thráthchuid chomhionanna a luaithe agus is féidir i ngach téarma, nó ina naoi dtráthchuid chomhionanna a luaithe agus is féidir gach mí, trí EFT go díreach chuig cuntas bainc an mhic léinn, ar dheimhniú laithreachta a fháil don tréimhse chuí ó institiúid roghnaithe chun páirt a ghlacadh i gCéim a Dó den chéim trialach.

CLÁSAL 11: IARRATAIS AR DHEONTAIS

11.1. Déanfar iarratais ar dheontais ar an bhfoirm iarratais oifigiúil* atá ar fáil ón Údarás Áitiúil. Ní mór an fhoirm sin, arna comhlánú go cuí, a bheith faighte ag an Údarás Áitiúil tráth nach déanaí ná **31 Lúnasa, 2010.** Féadfaidh an tÚdarás Áitiúil, áfach, glacadh le hiarratas nach bhfaighfear in am agus féadfaidh sé, dá lánrogha féin, déileáil le hiarratas den sórt sin amhail is dá mbeadh sé faighte in am.
*Is cuid den Scéim seo iad Foirm Iarratais agus Nótaí 2010/11.

11.2. Maidir le haon iarrthóir a measfar a (h)iarratas a bheith déanach, féadfar a (h)iarratas a phróiseáil agus féadfar deontas a dhámhadh dó/di ó thosach an chéad bhliana eile dá c(h)úrsa.

11.3. Beidh an méid seo a leanas ina choinníoll maidir le dámhadh deontais faoin Scéim seo is é sin le rá go ndéanfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí iarrthóra nó, i gcás iarrthóra aibí neamhspleách, go ndéanfaidh an t-iarrthóir féin nó a c(h)éile, más infheidhme, i ndáil le próiseáil an iarratais, a údarú

(i) don Údarás Áitiúil agus don Roinn Oideachais agus Scileanna, cúnamh na gCoimisinéirí Ioncaim a lorg agus aon eolas agus doiciméid iomchuí a thabhairt dóibh;

(ii) do na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh aon eolas nó doiciméid iomchuí as a dtaifid a thabhairt don Údarás Áitiúil agus don Roinn Oideachais agus Scileanna agus aon fhiosrúcháin a dhéanamh agus aon doiciméid a lorg a mheasann siad a bheith riachtanach chun a chumasú dóibh cabhrú leis an Údarás Áitiúil agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna;

(iii) don Údarás Áitiúil an fhoirm iarratais a aistriú chuig an gCoiste Gairmoideachais iomchuí nó chuig Údarás Áitiúil eile más gá sin a dhéanamh.

(iv) don Údarás Áitiúil/don Roinn Oideachais agus Scileanna faisnéis a aistriú ón iarratas deontais go dtí bunachar sonraí lárnach a bhféadfaidh rochtain a bheith ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh air.

CLÁSAL 12: EOLAS A NOCHTADH

12.1 Féadfar sonraí faoi mhéid deontais is iníoctha faoin Scéim seo i leith sealbhóra deontais a chur ar fáil do Ranna/d'Oifigí eile Rialtais agus do ghníomhaireachtaí seirbhíse poiblí ach sin faoi réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, a chomhlíonadh. Iarrtar ar Údaráis Áitiúla a chinntiú go mbíonn Oifigigh Comhairle, Comhaltaí Tofa agus na Comhaltaí Ábharthacha Seachtracha ar an eolas nach féidir aon sonraí maidir le hiarratais deontais mac léinn a fhoilsiú agus go bhfuil sonraí i seilbh na nÚdarás Áitiúil maidir le mic léinn aonair faoi réir théarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

CLÁSAL 13: IONCAM AGUS EOLAS EILE A DHEARBHÚ

13.1 Déanfaidh an t-iarrthóir agus tuismitheoirí nó caomhnóirí an iarrthóra nó, i gcás iarrthóra aibí neamhspleách, déanfaidh an t-iarrthóir agus céile an iarrthóra, más infheidhme, dearbhú maidir le hioncamináirithe agus déanfaidh siad cibé eolas agus doiciméid a chur faoi bhráid an Údaráis Áitiúil de réir mar a theastóidh ón Údarás chun an t-iarratas a phróiseáil go hiomlán. Tá freagracht ar na hiarrthóirí a chinntiú go bhfuil an ráiteas ar ioncam agus na sonraí eile a lorgtar iomlán agus críochnúil ar gach slí. **Más rud é gurb é is cúis le mainneachtain de chuid an iarrthóra an t-eolas iomlán críochnúil sin a thabhairt ná eolas a bheith fágtha ar lá d'aon turas nó míchruinneas réamhbheartaithe, dlífear an t-iarrthóir a ionchúiseamh, dlífidh sé/sí an deontas a chailliúint agus dlífidh sé/sí aon chuid de dheontas a bheidh faighte cheana a aisíoc, mar aon le hús.**

CLÁSAL 14: DÍOSPÓIDÍ A CHINNEADH

14.1 I gcás go ndiúltaíonn Coiste Gairmoideachais deontas a dhámhadh ar an iarrthóir faoin Scéim seo, is féidir leis/léi achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh seo chuig an gCoiste Gairmoideachais sin, tráth nach déanaí ná 30 lá i ndiaidh an cinneadh a fháil. Is féidir leis an gCoiste Gairmoideachais an tréimhse seo a shíneadh (ar iaratas scríofa ón iarrthóir) do thréimhse bhreise nach faide ná 30 lá.

14.2 Sa chás, tar éis an nós imeachta achomhairc seo a bheith ídithe, go mbíonn an t-iarrthóir den tuairim go bhfuil an scéim seo léirithe nó forléirithe mícheart ag an gCoiste Gairmoideachais, féadfaidh sé nó sí a c(h)eist nó a d(h)íospóid maidir leis an léiriú nó an forléiriú sin a chur faoi bhráid an Aire, tráth nach déanaí ná 30 lá i ndiaidh an cinneadh ar an achomharc a fháil ón gCoiste Gairmoideachais. Is féidir leis an Aire an tréimhse seo a shíneadh (ar iarratas scíofa ón iarrthóir) do thréimhse bhreise nach faide ná 30 lá.

INSTITIÚIDÍ ATÁ CEADAITHE CHUN CRÍOCHA SCÉIM 2010

Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Corcaigh
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Ollscoil Luimnigh
An Coláiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha, Baile Átha Cliath
Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir
Institiúid Teicneolaíochta, Ceatharlach
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach
Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht
Institiúid Fhorbairt Gnó & Tuaithe Thiobraid Árann
Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
Coláiste Mhuire, Marino, Baile Átha Cliath
Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach
Coláiste N. Aingil, Loch Gile, Sligeach
Coláiste N. Caitríona, Cnoc Síón, Baile Átha Cliath
Coláiste Oideachais N. Pádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath
Coláiste Oideachais Froebel, Cnoc Síón, Baile Átha Cliath

Ollscoil Phontaifiúil Mhaigh Nuad
I leith na gcúrsaí seo a leanas:

- Céim Onórach Bhaitsiléara sa Diagacht [3 bliana],
- Céim Onórach Bhaitsiléara sa Diagacht agus sna Dánta [3 bliana],
- Céim Onórach Baitsiléara sa Diagacht agus sna hEalaíona Idirnáisiúnta [4 bliana]
- Dioplóma Iarchéime i gCumarsáid agus i bhForbairt Chríostaí [1 bhliain]
- Céim MA sa Diagacht [2 bhliain]

Coláiste Bhainistíocht Óstán na Sionainne
I leith na gcúrsaí seo a leanas:-

- BComm (Onór) nasctha le Céim OÉ Gaillimh sa Bhainistíocht – Bainistíocht Iidirnáisiúnta Óstáin [4 bliana]
- B.B.S. i mBainistíocht Idirnáisiúnta Óstán - Onóracha (4 bliana).

Coláiste Naomh Pádraig, Durlas
I leith an chúrsa seo a leanas:-

- B.A. (Onóracha) in Oideachas, Staidéar Gnó agus Staidéár Reiligiúin [4 bliana]

Institiúid Oideachais Mater Dei
I leith na gcúrsaí seo a leanas:-

- Baitsiléir san Oideachas Reiligiúnach [4 bliana]
- BA i Léann na hÉireann agus i Staidéir Reiligiúnacha [3 bliana]
- Dioplóma Iarchéime i Staidéir Diagachta [1 bhliain]
- M.A. i Séiplíneacht Scoile agus Obair Tréadchúram [1 bhliain]
- M.A. i Séiplíneacht Cúraim Sláinte [2 bhliain]
- M.A. sa Reiligiún & Cultúr [1 bhliain]
- M.A. sa Reiligiún & Oideachas [1 bhliain]
- M.A. san Oideachas Reiligiúnach (Bunoideachais) [1 bhliain]
- M.A. Oideachas (Taighde)
- M.A. Béarla (Taighde)
- M.A. Stair (Taighde)
- M.A. Léann na hÉireann (Taighde)
- M.A. Ceol (Taighde)
- M.A. Oideachas Reiligiúnach (Taighde)
- M.A. Fealsúnacht (Taighde)
- M.A. Diagacht (Taighde)
- Ph.D. Oideachas (Taighde)
- Ph.D. Béarla (Taighde)
- Ph.D. Stair (Taighde)
- Ph.D. Léann na hÉireann (Taighde)
- Ph.D. Ceol (Taighde)
- Ph.D. Oideachas Reiligiúnach (Taighde)
- Ph.D. Fealsúnacht (Taighde)
- Ph.D. Diagacht (Taighde)

Coláiste na Naomh Uile, Droim Conrach
I leith na gcúrsaí seo a leanas:-

- BA (Onóracha) sa Diagacht agus san Fhealsúnacht [4 bliana]
- BA (Onóracha) sa Diagacht agus sa Síceolaíocht [4 bliana]
- BA (Onóracha) sa Diagacht agus i Litríocht an Bhéarla [4 bliana]
- BA (Onóracha) sa Diagacht agus sa Spioradáltacht [4 bliana]
- Dioplóma Iarchéime/MA sa Cheannaireacht agus i dTréadchúram [1 bhliain]
- Ma i Stáidéar Tréadúil trí Thaighde [2 bhliain]
- Dioplóma Iarchéime i bhForbairt Holaisteach do Mhinistéireacht Thréadach [1 bhliain]
- Dioplóma Iarchéime/MA i bhForbairt Holaisteach do Mhinistéireacht Thréadach
- Máistir Dánta i nDaonnachtaí (Taighde)[2 bhliain]
- PhD i nDaonnachtaí trí Thaighde [3 bliana]
- MA sa Bhainistíocht: Seirbhísí Pobail agus Deonacha [1 bhliain]

Coláiste N. Pádraig, Ceatharlach
I leith na gcúrsaí seo a leanas:-

- BA (Gnáth) sna Daonnachtaí {Fealsúnacht, Diagacht agus Dánta} [3 bliana]
- BA (Onóracha) sa Diagacht [3 bliana]
- Ard-Teastas sna Dánta i Staidéir Shóisialta Fheidhmeacha i gCúram Sóisialta [2 bhliain]
- BA (Gnáth] i Staidéir Shóisialta Fheidhmeacha i gCúram Sóisialta [1 bhliain breise]
- BA (Onóracha) sna Daonnachtaí (Fealsúnacht, Diagacht agus Dánta) [4 bliana]
- BA (Onóracha] i Staidéir Shóisialta Fheidhmeacha i gCúram Sóisialta [1 bhliain breise]
- MA Béarla trí Thaighde [2 bhliain]
- MA Fealsúnacht trí Thaighde [2 bhliain]
- MA Stair trí Thaighde [2 bhliain]
- MA Reiligiún/Diagacht trí Thaighde [2 bhliain]

Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn
I leith na gcúrsaí seo a leanas:-

- BA (Onóracha) sa Cheartas Sóisialta - OÉ [3 bliana]
- Ard-Dioplóma sa Spioradáltacht Chríostaí [1 bhliain]
- Ard-Dioplóma sa Dlí Canónta [1 bhliain]
- Ard-Dioplóma sa Spioradáltacht Chríostaí Fheidhmeach [1 bhliain
- Ard-Dioplóma i Léann an Bhíobla [1 bhliain]
- Ard-Dioplóma sa Chleachtas Maoirseachta do Mhinistreacht [1 bhliain]
- MA sa Spioradáltacht Chríostaí [2 bhliain]
- MA sa Spioradáltacht Chríostaí Fheidhmeach[2 bhliain]
- MA sa Chleachtas Maoirseachta do Mhinistreacht [2 bhliain]
- MA trí thaighde [2 bhliain]
- MA i Staidéir an Bhíobla [2 bhliain]
- MA i Staidéar Creidimh agus Cultúir [1 bhliain]
- PhD trí thaighde [4 bliana]
- Dochtúir sa Mhinistreacht [4 bliana]

AGUISÍN I(A) (ar lean)

Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn
I leith na gcúrsaí seo a leanas:-

-Céim MB (Onóracha) OÉ, BCH, BAO, LRCP, SI [5 bliana]
-Céim MB (Onóracha) OÉ, BCH, BAO, LRCP, SI [6 bliana]
-Céim BSc (Onóracha) sa Chógaisíocht [4 bliana]
-BSC i bhFisiteirpe (Dámhachtain OÉ) [4 bliana]
-PhD Iarchéime OÉ [3 bliana]
-MD Iarchéime OÉ [2 bhliain]

-MSc Iarchéime OÉ [1 bhliain]
-M Med Sci Iarchéime OÉ [1 bhliain]
-M Med Sci Iarchéime OÉ trí Thaighde [1 bhliain]

Coláiste an Spiorad Naoimh, Camaigh
I leith na gcúrsaí seo a leanas:-
-BA sa Staidéar Forbartha [2 bhliain]
-Dioplóma Iarchéime sa Staidéar Forbartha [1 bhliain]
-MA sa Staidéar Forbartha [1 bhliain]

Coláiste Montessori (A.M.I.) Baile an Mhuilinn,
I leith na gcúrsaí seo a leanas:
-Dioplóma Múinteoireachta Montessori
-Cuid 1: Luath-Óige (3 go 3 bliana d'aois) [Bliain 1 agus 2]
-Cuid 2: Bunscoil (6 go 12 bliana d'aois) [Blian 3]

Coláiste Montessori Naomh Nioclás
I leith na gcúrsaí seo a leanas:-
-BA in Oideachas Montessori (3 bliana)
-BA (Onóracha) in Oideachas Montessori (1 bhliain)
-Ard-Dioplóma sna Daonnachtaí in Oideachas Montessori Luath-Óige (1 bhliain)

Cumann Onórach Óstaí an Rí
I leith an chúrsa seo a leanas:
-Céim Abhcóide sa Dlí [1 bhliain]

Dlí-Chumann na hÉireann, Plás Blackhall:
I leith an chúrsa seo a leanas:
-Chúrsa Chleachtais Gairmiúil (PPC)
-Cuid I
-Cuid II

INSTITIÚIDÍ ATÁ CEADAITHE CHUN CRÍOCHA SCÉIM 2010

Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Ollscoil Uladh

Coláiste Oideachais N. Muire,
I leith na gcúrsaí seo a leanas:
-Céim B.Ed (Onór)
-PGCE (Oideachas trí Mheán na Gaeilge)
-Céim BA (Onóracha) sna Saorealaíona

Coláiste Stranmillis, Béal Feirste
I leith na gcúrsaí seo a leanas:
-Céim B.Ed, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
-Teastas Iarchéime san Oideachas
-BA (Staidéir Luath-Óige)
-BSc (Staidéir Sláinte agus Fóillíochta)

AGUISÍN II(A)

SCÉIM DHEONTAS ARDOIDEACHAIS 2010

Teorainneacha Ioncaim Ináirithe do ghnáth-rátaí deontais+
don tréimhse 1 Eanáir 2009 go 31 Nollaig 2009 (an bhliain chánach 2009)

An Líon Leanaí Cleithiúnacha	**Cothabháil Iomlán agus Táillí Iomlána**	**Cothabháil Páirteach (75%) agus Táillí Iomlána**	**Cothabháil Páirteach (50%) agus Táillí Iomlána**	**Cothabháil Páirteach (25%) agus Táillí Iomlána**	**Táillí Theagaisc Páirteacha (50%) amháin***
Níos lú ná 4	€41,110	€42,235	€44,720	€47,205	€51,380
4 – 7	€45,165	€46,415	€49,145	€51,880	€56,460
8 nó níos mó	€49,045	€50,400	€53,360	€56,320	€61,295

** Íoctar Muirear Seirbhíse Mac Léinn iomlán nuair atá ioncam ag an leibhéal seo nó faoina bhun.*

*Don bhliain acadúil 2010/11, maidir leis na catagóirí do Chothabháil Iomlán (100%) agus do Tháillí Iomlána agus Páirt de na Táillí Teagaisc (50%) amháin, má tá beirt chlainne nó níos mó (nó tuismitheoir nó caomhnóir dlí an iarrthóra) ag gabháil do chúrsa staidéir thíosluaite, féadfar teorainneacha an ioncaim inríofa a ardú le €4,980 má tá beirt chlainne dá leithéid i gceist, le €9,960 má tá triúr clainne dá leithéid i gceist, agus ar aghaidh in incrimintí de €4,980 an duine.

Maidir leis na deontais do Pháirt-Chothabháil agus Táillí Iomlána ag 75%, 50% agus 25%, féadfar teorainneacha an ioncaim inríofa a ardú le €4,815 má tá beirt chlainne dá leithéid i gceist, le €9,630 má tá triúr clainne dá leithéid i gceist, agus ar aghaidh in incrimintí de €4,815 an duine.

(i) ag freastal ar chúrsa oideachais lánaimseartha tríú leibhéal
(ii) ag freastal ar chúrsa aitheanta PLC, ar chúrsa oiliúna altraí nó ar chúrsa oiliúna Gardaí
(iii) páirteach i gcúrsa Fháilte Ireland (CERT mar a bhí) a mhaireann bliain amháin ar a laghad ar fhad
(iv) ag freastal ar chúrsa lánaimseartha de chuid Teagasc i gColáiste Talmhaíochta
(v) ag freastal ar chúrsa lánaimseartha oideachais bhreise, a mhaireann bliain amháin ar a laghad ar fhad, i dTuaisceart Éireann.

AGUISÍN II(B)

SCÉIM DHEONTAS ARDOIDEACHAIS, 2010

	Ráta Neamhthadhlach	**Ráta Tadhlach**
Cothabháil Iomlán	€3,250	€1,300
Cothabháil Páirteach (75%)	€2,435	€980
Cothabháil Páirteach (50%)	€1,625	€650
Cothabháil Páirteach (25%)	€810	€330

AGUISÍN III

RÁTA SPEISIALTA DE DHEONTAS COTHABHÁLA

Le gur féidir ráta speisialta den deontas cothabhála a dhámhadh maidir leis an mbliain acadúil 2010/11, ní rachaidh ioncam ináirithe iarrthóra (don tréimhse 1 Eanáir, 2009 go dtí 31 Nollaig 2009, bliain chánach 2009) thar: -

- **€22,703**

⇨ glan ar eisiaimh chaighdeánacha (de réir mar atá leagtha amach i gClásal 1 den Scéim seo)

agus

⇨ glan ar Ardú Cleithiúnach Linbh (C.D.I.) a íocann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Ón 31 Nollaig 2009, <u>ní mór</u> don ioncam ináirithe seo ceann de na híocaíochtaí leasa shóisialaigh liostáilte thíos a bheith san áireamh leis.

LIOSTA D'ÍOCAÍOCHTAÍ INGHLACTHA

1. ÍOCAÍOCHTAÍ CÚNAIMH SÓISIALTA

Ainm Nua	Sean-Ainm
Pinsean Dall	
Liúntas Cúramóra	
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	Liúntas Banchéile Tréigthe Liúntas Tuismitheora Aonair Liúntas Chéile Príosúnaigh
Liúntas Míchumais	
Cúnamh Feirme	
Liúntas Iarrthóra Poist (**arna shealbhú le 391 lá nó níos mó)**	Cúnamh Dífhostaíochta
Pinsean Stáit (Neamhranníocach)	Pinsean Seanaoise (Neamhranníocach)
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamhranníocach)	Pinsean Dílleachta (Neamhranníocach)
Liúntas Réamhscoir	
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir Neamhranníocach	

2. ÍOCAÍOCHTAÍ ÁRACHAIS SHÓISIALTA

Ainm Nua	Sean-Ainm
Sochar Cúramóra	
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	Sochar Banchéile Tréigthe
Pinsean Easláine	
Forlíonadh Éagumais	Forlíonadh Dífhostaíochta
Sochar Báis Dhíobhálacha Ceirde (Pinsean Dílleachta)	
Sochar Báis Dhíobhálacha Ceirde (Pinsean Baintrí/Baintrí Fir)	
Pinsean Stáit Ranníocach	Pinsean Seanaoise Ranníocach
Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)	Liúntas Dílleachta (Ranníocach)
Sochar Iarrthóra Poirt (**leanúnach ar feadh ar a laghad 12 mí)**	Sochar Dífhostaíochta
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir (Ranníocach)	
Pinsean Stáit (Aistriú)	Pinsean Scoir

3. FORLÍONADH IONCAIM TEAGHLAIGH (FIS)

4. CLÁIR AINMNITHE

(i)

Liúntas chun Filleadh ar Oideachas (Rogha dara agus tríú leibhéil)
Liúntas chun Filleadh ar Obair (Fostaithe)
Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair
Scéim Fostaíochta Pobail
Scéim Sóisialta Tuaithe
Cláir Oiliúna FÁS lena n-áirítear Príntíseachtaí
Scéim Dhreasachta Phost Pháirtaimseartha
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)

5. EILE

(a) Ag fáil íocaíochtaí faoin gClár Scileanna Fháilte Ireland atá comhionann le híocaíocht leasa shóisialaigh;
(b) Ag fáil íocaíochtaí faoi Thionscnamh FIT (Fastrack to IT) atá comhionann le híocaíocht leasa shóisialaigh;
(c) Rannpháirtithe atá ag glacadh páirt i gcúrsa oiliúna atá ceadaithe ag Roinn Rialtais, Gníomhaireacht Stáit nó ag Comhpháirtíocht Ceantair agus a bhí ag fáil íocaíochta incháilithe sula ndeachaidh siad ar aghaidh chuig an gclár;
(d) Fostaithe atá ag fáil cúnamh deontais i bhfiontraíocht eacnamaíochta sóisialta;
(e) Ag fáil íocaíochtaí faoi na cláir Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach.

AGUISÍN IV

RÁTA SPEISIALTA DEONTAIS CHOTHABHÁLA DO 2010/11

Deontas	**Deontas Caighdeánach**	**Méid Breise**	**Deontas Iomlán**
Ráta Neamhthadhlach	€3,250	€3,105	**€6,355**
Ráta Tadhlach	€1,300	€1,245	**€2,545**

AGUISÍN V

Tíortha AE/LEE

	Tír AE	Tír LEE
An Ostair	✓	✓
An Bheilg	✓	✓
An Bhulgáir	✓	✓
An Chipir	✓	✓
Poblacht na Seice	✓	✓
An Danmhairg	✓	✓
An Eastóin	✓	✓
An Fhionlainn	✓	✓
An Fhrainc	✓	✓
An Ghearmáin	✓	✓
An Ghréig	✓	✓
An Ungáir	✓	✓
An Íoslainn	×	✓
Éire	✓	✓
An Iodáil	✓	✓
An Laitvia	✓	✓
Lichtinstéin	×	✓
An Liotuáin	✓	✓
Lucsamburg	✓	✓
Málta	✓	✓
An Ísiltír	✓	✓
An Iorua	×	✓
An Pholainn	✓	✓
An Phortaingéil	✓	✓
An Rómáin	✓	✓
An tSlóvaic	✓	✓
An tSlóivéin	✓	✓
An Spáinn	✓	✓
An tSualainn	✓	✓
An Ríocht Aontaithe	✓	✓